An Taibhdhearc Fós Dúnta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc ar ball faoin todhchaí atá ag Taibhdhearc na Gaillimhe a bheith fós dúnta. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigh na ceisteanna seo a leanas.
An bhfuil aon eolas agat ar an Taibhdhearc i nGaillimh?
An dtéann tú chuig an amharclann?
An bhfuil mórán tábhachta ag baint le hamharclanna sa lá atá inniu ann?

Ceist 2 Sula bhféachann tú ar an mír, déan iarracht leagan Gaeilge de na téarmaí thíos a aimsiú agus iad a chur sa chrosfhocal.

Trasna: 2. Strategy 5. Vision 6. Requirement 9. Reluctantly 10. Restoration 11. City 12. National
Anuas: 1. Stage 2. Temporary 3. Campaign 4. Production 7. Theatre 8. Site



Ceist 3 Anois féach ar an mhír nuachta agus déan iarracht na bearnaí a líonadh leis na focail sa *chló iodálach* thíos.

Aisteoirí na _____ ag cleachtadh a gcuid bpáirteanna sa léiriúchán "Seoda na Nollag" atá idir lámha ag Taibhdhearc na Gaillimhe faoi láthair. Is istigh anseo in Amharclann an Druid i nGaillimh atá an_____ is déanaí seo de chuid na Taibhdheirce á_____. Agus is anseo i _____ San Nioclás i nGaillimh a bheidh an seó le feiceáil Oíche Dé hAoine agus Oíche Dé Sathairn seo chugainn.
Dhá bhliain ó shin rinne tine sa Taibhdhearc an oiread_____ gur dúnadh síos an áit. Ó shin, tá lucht na Taibhdheirce ag cur léiriúchán ar siúl in ionaid_____ eile ach bhí súil i gcónaí acu go mbeadh tús le hathchóiriú ar an ionad sin acu féin faoin am seo.

(*damáiste, taibhdheirce, séipéal, éagsúla, léiriúchán, chleachtadh)*

Ceist 4 Anois déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt.

1. An dtabharfaidh an Roinn tuilleadh airgid don Taibhdhearc?
2. Cén t-ainm atá ar an dráma a bheidh á léiriú an tseachtain seo chugainn?
3. Cá mbeidh an dráma á léiriú an tseachtain seo chugainn?
4. Cá bhfuil lucht na Taibhdheirce ag cur léiriúchán ar siúl le dhá bhliain anuas?
5. Cén rud nach bhfuil "sách maith" dar le Séamus Ó hAodha?

Ceist 5 Baintear úsáid as aidiachtaí le cur síos a dhéanamh ar rudaí, maqr shampla '*lárionad mór*'

Anois cuir isteach an aidiacht cheart chun na habairtí seo a chríochnú. Cuimhnigh go séimhítear aidiachtaí tar éis ainmfhocail bhaininscneacha.

1. Cheannaigh sé cóta (*mór, mhór, is mó*) sa siopa inné.
2. Ghlan sí an chistin (*beag, bheag, is lú*) léi féin.
3. Nigh Máirtín a ghruaig (*fada, fhada, is faide*) aréir.
4. Sin í an abhainn (*glan, ghlan, is glaine*) dá bhfaca mé riamh.
5. Tá cosa (*mór, mhór, móra*) ag Seán ach tá gruaig (gearr, ghearr) air.
6. Tá an liathróid (*buí, bhuí*) sin pléasctha ó inné.
7. Féach an pháirc (*glas, ghlas*) thall.
8. Níl agam ach peann (*gorm, ghorm*) faraor. Tá peann (*dearg, dhearg*) ag Áine.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó mar ghrúpa.

Ar cheart don Rialtas níos mó tacaíochta a thabhairt don Taibhdhearc, dar leat?
Cad é an dráma is fearr leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1 Iarr ar na foghlaimeoirí plé a dhéanamh ar aon eolas atá acu faoin scéal seo ar dtús agus ansin na ceisteanna a phlé.

Ceist 2

Trasna	**Anuas**
2. Straitéis	1. Stáitse
5. Fís	2. Sealadach
6. Riachtanas	3. Feachtas
9. Drogallach	4. Léiriúchán
10. Athchóiriú	7. Amharclann
11. Cathair	8. Suíomh
12. Náisiúnta	

Ceist 3 Aisteoirí na **Taibhdheirce** ag cleachtadh a gcuid páirteanna sa léiriúchán "Seoda na Nollag" atá idir lámha ag Taibhdhearc na Gaillimhe faoi láthair. Is istigh anseo in Amharclann an Druid i nGaillimh atá an **léiriúchán** is déanaí seo de chuid na Taibhdheirce á **chleachtadh**. Agus is anseo i **Séipéal** San Nioclás i nGaillimh a bheidh an seó le feiceáil Oíche Dé hAoine agus Oíche Dé Sathairn seo chugainn.
Dhá bhliain ó shin rinne tine sa Taibhdhearc an oiread **damáiste** gur dúnadh síos an áit. Ó shin, tá lucht na Taibhdheirce ag cuir léiriúchán ar siúl in ionaid **éagsúla** eile ach bhí súil i gcónaí acu go mbeadh tús le hathchóiriú ar an ionad sin acu féin faoin am seo.

Ceist 4

1. Ní thabharfaidh an Roinn tuilleadh airgid don Taibhdhearc.
2. Is é an t-ainm atá ar an dráma a bheidh á léiriú an tseachtain seo chugainn ná "Seoda na Nollag".
3. Beidh an dráma á léiriú i Séipéal San Nioclás.
4. Tá lucht na Taibhdheirce ag cuir léiriúchán ar siúl in ionaid éagsúla le dhá bhliain anuas.
5. Níl sé sách maith, dar le Séamus Ó hAodha, go bhfuil Amharclann Náisiúnta na Gaeilge dúnta ar feadh dhá bhliain.

Ceist 5

1. Cheannaigh sé cóta **mór** sa siopa inné.
2. Ghlan sí an chistin **bheag** léi féin.
3. Nigh Máirtín a ghruaig f**hada** aréir.
4. Sin í an abhainn **is glaine** dá bhfaca mé riamh.
5. Tá cosa **móra** ag Seán ach tá gruaig **ghearr** air.
6. Tá an liathróid **bhuí** sin pléasctha ó inné.
7. Féach an pháirc **ghlas** thall.
8. Níl agam ach peann **gorm** faraor. Tá peann **dearg** ag Áine.

Ceist 6 Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí má tá am ann.

Eimear Ní Chonaola

Bail ó Dhia oraibh.
Tá ganntanas sé chéad míle Euro ar an Taibhdhearc sular féidir leo doirse na hamharclainne a ath-oscailt ar an tsráid lár i gCathair na Gaillimhe. Dúirt an tAire Gnóthaí Pobail,Tuaithe agus Gaeltachta, Éamonn Ó Cuív le Nuacht TG4 tráthnóna go bhfuil trí chéad míle ar fáil óna Roinn féin ach dúirt sé nach bhfuil níos mó airgid ar fáil don suíomh sin agus gur fearr dar leis, Amharclann Náisiúnta na Gaeilge a lonnú i lárionad Gaeilge na Gaillimhe, ionad atá molta i bplean straitéis an Rialtais don Ghaeilge. Tá an mórscéal ag Catherine Ní Ghuairim.

Catherine Ní Ghuairim

Aisteoirí na Taibhdheirce ag cleachtadh a gcuid páirteanna sa léiriúchán “Seoda na Nollag” atá idir lámha ag Taibhdhearc na Gaillimhe faoi láthair.
Is istigh anseo in Amharclann an Druid i nGaillimh atá an léiriúchán is déanaí seo de chuid na Taibhdheirce á[1] chleachtadh. Agus is anseo i Séipéal San Nioclás i nGaillimh a bheidh[2] an seó le feiceáil Oíche Dé hAoine agus Oíche Dé Sathairn seo chugainn.
Dhá bhliain ó shin rinne tine sa Taibhdhearc an oiread damáiste gur dúnadh síos an áit. Ó shin, tá lucht na Taibhdheirce ag cur léiriúchán ar siúl in ionaid éagsúla eile ach bhí súil i gcónaí acu go mbeadh tús le hathchóiriú[3] ar an ionad sin acu féin faoin am seo.

Séamus Ó hAodha-An Taibhdhearc

Bhuel, níl sé tosaithe mar gheall nach bhfuil an chuid[4] is mó den airgead againn. Anois táimid buíoch don Aire Éamon Ó Cuív agus don Roinn as ucht aon trian a thabhairt dúinn, sin trí chéad míle atá geallta dúinn[5], ach tá sé chéad míle eile de dhíth[6] orainn. Anois táimid ag cur tús leis an bhfeachtas maoiniúcháin muid féin. Táimid ag dul amach ansin agus ag déanamh ár seacht ndícheall an t-airgead sin a fháil, ach is é an fáth nach bhfuil an obair tosaithe ná nach bhfuil an t-airgead[7] in áit.

---

[1] Dhá a deirtear
[2] A bheas a deirtear
[3] Fágtar an “h” ar lár.
[4] An cuid a deirtear
[5] Dhúinn a deirtear
[6] De gheall in ionad de dhíth
[7] Airgead a deirtear

Catherine Ní Ghuairim
Cé go bhfuil an tríú cuid den chostas ar fáil don Taibhdhearc ón Roinn Gnóthaí Pobail Tuaithe agus Gaeltachta, is go drogallach atá an t-airgead geallta.

Éamon Ó Cuív-T.D. Aire na Gaeltachta
An cheist a chaithfear a chur orainn féin ná an fiú os cionn milliún euro a chaitheamh ar an Taibhdhearc le hathchóiriú[8] sealadach a dhéanamh air? Creidim féin go fadtéarmach, má bhreathnaímid ar an straitéis fiche bliain don Ghaeilge, má bhreathnaímid ar riachtanais na Cathrach i nGaillimh, má bhreathnaímid ar an bhfís atá ag, mar shampla, an Chomhairle Cathrach féin agus ag Gaillimh le Gaeilge do Chathair dhátheangach a dhéanamh do Ghaillimh go bhfuil lárionad mór breá nua ag teastáil.

Séamus Ó hAodha-An Taibhdhearc
Ach níl sé sách maith i ndáiríre go bhfuil Amharclann Náisiúnta na Gaeilge dúnta ar feadh dhá bhliain agus níl mé ag iarraidh go n-imeoidh bliain amháin eile tharainn[9] agus na doirse dúnta.

Catherine Ní Ghuairim
Dúirt Comhairle Cathrach na Gaillimhe le Nuacht inniu nach bhfuil aon airgead acu féin le cuidiú le cás na Taibhdheirce agus go bhfuil siad go mór i bhfabhar lárionad mar atá luaite ag an Aire Éamon Ó Cuív. Is fada mar sin más go deo sula mbeidh an stáitse seo le soilsiú arís.

Catherine Ní Ghuairim, Nuacht TG4, i gCathair na Gaillimhe.

[8] Fágtar an “h” ar lár
[9] Thairis a deirtear